BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Chéad Dlísheomra)

9 Deireadh Fómhair 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Comhar póilíneachta agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Cinneadh Réime 2002/584/CGB – Airteagal 4a(1) – Nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit – Barántas gabhála Eorpach – Coinníollacha maidir le forghníomhú – Forais le neamhfhorghníomhú roghnach – Forghníomhú éigeantach – Eisceachtaí – An coincheap 'triail a raibh an cinneadh mar thoradh uirthi' – Pianbhreith chomhlántach de chur faoi mhaoirseacht na bpóilíní – Sárú na gcoinníollacha a fhorchuirtear leis an maoirseacht sin – Cinneadh lena ndéantar pianbhreith choimeádta den phianbhreith lena gcuirtear an duine faoi mhaoirseacht na bpóilíní – Pianbhreith arna tabhairt *in absentia*)

I gCás C-798/23 [Abbottly] [i],

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón gCúirt Uachtarach (Éire), trí bhreith an 21 Nollaig 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 21 Nollaig 2023, sna himeachtaí a bhaineann le forghníomhú barántais gabhála Eorpaigh arna eisiúint i gcoinne

SH,

tugann AN CHÚIRT (an Chéad Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: F. Biltgen (Rapóirtéir), Uachtarán Dlísheomra, T. von Danwitz, Leas-Uachtarán na Cúirte, ag feidhmiú mar Bhreitheamh den Chéad Dlísheomra, I. Ziemele, A. Kumin agus S. Gervasoni, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Richard de la Tour,

Cláraitheoir: R. Stefanova-Kamisheva, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 9 Eanáir 2025,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– an tAire Dlí agus Cirt, ag M. Browne, Príomh-Aturnae Stáit, A. Burke, A. Joyce, agus C. McMahon, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó G. Gibbons, Abhcóide Sinsir, agus D. Perry, Abhcóide,

– SH, ag R. Barron, Abhcóide Sinsir, S. O'Mahony, Aturnae, agus B. Storan, Abhcóide,

* Teanga an cháis: an Béarla.

[i] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

– Rialtas na Rómáine, ag M. Chicu agus E. Gane, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag H. Leupold agus J. Vondung, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 10 Aibreán 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 4a(1) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit (IO 2002 L 190, lch. 1), arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 (IO 2009 L 81, lch. 24) ('Cinneadh Réime 2002/584').

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí a bhaineann le forghníomhú an bharántais gabhála Eorpaigh in Éirinn arna eisiúint i gcoinne SH d'fhonn pianbhreith choimeádta a fhorghníomhú sa Laitvia.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Cinneadh Réime 2002/584

3 Foráiltear le hAirteagal 1 de Chinneadh Réime 2002/584, dar teideal 'Sainmhíniú ar an mbarántas gabhála Eorpach agus an oibleagáid é a fhorghníomhú':

'1. Is cinneadh breithiúnach é an barántas gabhála Eorpach arna eisiúint ag Ballstát d'fhonn go ndéanfadh Ballstát eile duine iarrtha a ghabháil agus a thabhairt suas, chun ionchúiseamh coiriúil a sheoladh nó pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú.

2. Déanfaidh na Ballstáit aon bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar bhonn phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh agus i gcomhréir le forálacha an Chinnidh Réime seo.

3. Ní bheidh sé d'éifeacht ag an gCinneadh Réime seo modhnú a dhéanamh ar an oibleagáid cearta bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha dlí a urramú mar a chumhdaítear in Airteagal 6 [CAE].'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 4a den Chinneadh Réime sin, dar teideal ‘Cinntí a thugtar ag deireadh trialach gan an duine lena mbaineann a bheith i láthair go pearsanta’:

‘1. Féadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú don bharántas gabhála Eorpach, arna eisiúint chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú, mura raibh an duine lena mbaineann i láthair go pearsanta ag an triail a raibh an cinneadh mar thoradh uirthi, ach amháin má shonraítear an méid seo a leanas maidir leis an duine lena mbaineann sa bharántas gabhála Eorpach, i gcomhréir le haon cheanglais nós imeachta eile a shainmhínítear i ndlí náisiúnta an Bhallstáit eisiúna:

(a) in am trátha,
   (i) go bhfuair duine acu toghairm go pearsanta agus leis sin gur cuireadh ar an eolas é nó í faoi dháta sceidealta agus áit na trialach a raibh an cinneadh mar thoradh uirthi, nó go bhfuair siad faisnéis oifigiúil ar mhodh eile maidir le dáta sceidealta agus áit na trialach ar mhodh a chinntigh gan amhras go raibh sé nó sí ar an eolas faoin triail sceidealta;

   agus
   (ii) gur cuireadh ar an eolas é nó í go bhféadfaí cinneadh a thabhairt murar tháinig sé nó sí i láthair don triail;

   nó

(b) agus é ar an eolas faoin triail sceidealta, gur thug sé sainordú do dhlíodóir, a cheap an duine lena mbaineann nó an Stát chun é nó í a chosaint ag an triail, agus go deimhin gur chosain an dlíodóir sin é nó í ag an triail;

   nó

(c) tar éis don duine an cinneadh a bheith seirbheáilte air agus tar éis é a bheith curtha in iúl go sainráite don duine go raibh ceart atrialach nó achomhairc aige, ina bhfuil sé de cheart ag an duine lena mbaineanna bheith páirteach agus inar féidir tuillteanais an cháis, lena n-áirítear fianaise nua, a athscrúdú, agus go bhféadfaí an cinneadh bunaidh a chur ar neamhní dá bharr:
   (i) gur léirigh sé go sainráite nach ndearna an duine an cinneadh a chonspóid;

   nó
   (ii) nár iarr sé achomharc laistigh den tréimhse ama is infheidhme;

   nó

(d) nach bhfuair sé seirbheáil an chinnidh go pearsanta ach:
   (i) go bhfaighidh sé é go pearsanta gan mhoill tar éis an tabhairt suas agus go gcuirfear in iúl go sainráite don duine go bhfuil ceart atrialach nó achomhairc aige nó aici, ina bhfuil cead ag an duine lena mbaineann a bheith páirteach agus inar féidir tuillteanais an cháis, lena n-áirítear fianaise nua, a athscrúdú, agus go bhféadfaí an cinneadh bunaidh a chur ar neamhní dá bharr;

   agus
   (ii) go gcuirfear ar an eolas é faoin tréimhse ama ar laistigh di nach mór dó nó di atriail nó achomharc den sórt sin a iarraidh, mar a luaitear sa bharántas gabhála Eorpach iomchuí.

2. I gcás ina n-eisítear an barántas gabhála Eorpach chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú faoi na forálacha atá i mír 1(d) agus nach bhfuil aon fhaisnéis oifigiúil

faighte roimhe sin ag an duine lena mbaineann i dtaobh na n-imeachtaí coiriúla ina choinne nó ina coinne a bheith ann, féadfaidh an duine lena mbaineann, nuair a thugtar fógra dó nó di faoi ábhar an bharántais gabhála, a iarraidh go bhfaighidh sé nó sí cóip den bhreithiúnas sula dtabharfar suas é nó í. Láithreach tar éis dó nó di a bheith curtha ar an eolas faoin iarraidh, déanfaidh an t-údarás eisiúna an chóip den bhreithiúnas a sholáthar tríd an údarás forghníomhaitheach don duine iarrtha. Ní chuirfidh iarraidh an duine iarrtha moill ar an nós imeachta um thabhairt suas ná ní chuirfidh sí moill ar an gcinneadh chun an barántas gabhála a fhorghníomhú. Is chun críoch faisnéise amháin a bheidh soláthar an bhreithiúnais don duine lena mbaineann; ní ghlacfar leis mar sheirbheáil fhoirmiúil an bhreithiúnais ná ní féidir aon teorainneacha ama is infheidhme maidir le hatriail nó achomharc a iarraidh a ghníomhrú.

3. I gcás ina dtabharfar duine suas faoi na forálacha atá i mír 1(d) agus go mbeidh atriail nó achomharc iarrtha aige nó aici, déanfar coinneáil an duine sin atá ag feitheamh leis an atriail nó leis an achomharc sin a athbhreithniú, go dtí go dtabharfar na himeachtaí sin chun críche, i gcomhréir le dlí an Bhallstáit eisiúna, ar bhonn rialta nó arna iarraidh sin. Áireofar go háirithe le hathbhreithniú den sórt sin go bhféadfaí an choinneáil a chur ar fionraí nó a bhriseadh. Tosóidh an atriail nó an t-achomharc in am trátha tar éis an tabhairt suas.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 27 den Chinneadh Réime sin, dar teideal 'Ionchúiseamh a d'fhéadfadh a bheith i gceist i leith cionta eile':

'1. Féadfaidh gach Ballstát a chur in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go measfar, ina chaidreamh le Ballstáit eile a bhfuil an fógra céanna tugtha acu, gur tugadh toiliú chun duine a ionchúiseamh, a chiontú nó a choinneáil d'fhonn pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú i leith cion a rinneadh sular tugadh suas é nó í, seachas an cion ar ina leith a tugadh suas é nó í, mura rud é, i gcás ar leith, go sonraíonn an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach a mhalairt ina chinneadh maidir le tabhairt suas.

2. Ach amháin sna cásanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3, ní fhéadfar duine a tugadh suas a ionchúiseamh, pianbhreith a chur air nó uirthi, ná a shaoirse nó a saoirse a bhaint de nó di ar aon dóigh eile i leith cion a rinneadh sular tugadh suas é nó í, seachas an cion ar ina leith a rinneadh é nó í a thabhairt suas.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 2 sna cásanna seo a leanas:

(a) nuair a bhí deis ag an duine críoch an Bhallstáit a ndearnadh é nó í a thabhairt suas dó a fhágáil agus nach ndearna sé nó sí amhlaidh laistigh de 45 lá ón lá ar scaoileadh saor go críochnaitheach é nó í, nó gur fhill an duine ar an gcríoch tar éis dó nó di í a fhágáil;

(b) níl an cion inphionóis le pianbhreith choimeádta ná le hordú coinneála;

(c) níl na himeachtaí coiriúla ina gcúis le beart a chur i bhfeidhm a shrianann an tsaoirse phearsanta;

(d) nuair a d'fhéadfadh pionós nó beart nach bhfuil cailleadh saoirse i dtreis ann, lena n-áirítear pionós airgeadais nó beart ina ionad sin, a bheith de dhliteanas ar an duine, go fiú más rud é go bhféadfadh an pionós nó an beart sin a bheith ina shrian ar shaoirse phearsanta an duine;

(e) nuair a thoiligh an duine go dtabharfaí suas é nó í, i gcás inarb iomchuí ag an am céanna a thréig an duine riail na speisialtachta, i gcomhréir le hAirteagal 13;

(f) nuair a dhéanann an duine, tar éis a thabhairt suas, teideal do riail na speisialtachta a thréigean go sainráite i dtaca le cionta sonracha roimh thabhairt suas an duine sin. Ní mór an tréigean a dhéanamh os comhair údaráis bhreithiúnacha inniúla an Bhallstáit eisiúna agus ní mór é a thaifeadadh i gcomhréir le dlí baile an Stáit sin. Ní mór an tréigean a dhréachtú ar shlí a léireoidh go bhfuil sé tugtha dá dheoin féin ag an duine lena mbaineann agus go bhfuil sé nó sí lánfheasach ar na hiarmhairtí. Chuige sin, beidh sé de cheart ag an duine dlíodóir a fháil;

(g) nuair a thugann an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach a thug suas an duine a thoiliú i gcomhréir le mír 4.

4. Cuirfear iarraidh ar thoiliú faoi bhráid an údaráis bhreithiúnaigh fhorghníomhaithigh, agus an fhaisnéis a luaitear in Airteagal 8(1) ag gabháil léi, mar aon le haistriúchán dá dtagraítear in Airteagal 8(2). Tabharfar an toiliú nuair atá an cion a ndearnadh an iarraidh ina leith faoi réir tabhairt suas i gcomhréir le forálacha an Chinnidh Réime seo. Diúltófar an toiliú ar an bhforas dá dtagraítear in Airteagal 3 agus seachas sin ní féidir é a dhiúltú ach amháin ar an bhforas dá dtagraítear in Airteagal 4. Glacfar an cinneadh tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an iarraidh a fháil.

Maidir leis na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 5, ní mór don Bhallstát eisiúna na ráthaíochtaí dá bhforáiltear ann a thabhairt.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Cinneadh Réime 2009/299

6 Le Cinneadh Réime 2009/299, leasaíodh Cinneadh Réime 2002/584 go sonrach maidir le daoine ar iarradh a dtabhairt suas ar bhonn pianbhreith a tugadh tar éis triail *in absentia*.

7 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 1 de Chinneadh Réime 2009/299, dar teideal 'Cuspóirí agus raon feidhme':

'1. Is iad cuspóirí an Chinnidh Réime seo cearta nós imeachta daoine atá faoi réir imeachtaí coiriúla a neartú, comhar breithiúnach in ábhair choiriúla a éascú agus go háirithe feabhas a chur ar an aitheantas frithpháirteach do chinntí breithiúnacha idir na Ballstáit.

2. Ní bheidh sé d'éifeacht ag an gCinneadh Réime seo modhnú a dhéanamh ar an oibleagáid atá ann cearta bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha dlí a urramú mar a chumhdaítear in Airteagal 6 den Chonradh, lena n-áirítear an ceart chun daoine atá faoi réir imeachtaí coiriúla a chosaint, agus ní dhéanfar difear d'aon oibleagáidí atá ar údaráis bhreithiúnacha ina leith sin.

3. Leagtar síos leis an gCinneadh Réime seo rialacha comhchoiteanna maidir le haithint agus/nó forghníomhú cinntí breithiúnacha i mBallstát amháin (Ballstát forghníomhaitheach) arna n-eisiúint ag Ballstát eile (Ballstát eisiúna) tar éis imeachtaí nach raibh an duine lena mbaineann i láthair go pearsanta iontu, i gcomhréir le forálacha Airteagal 5(1) de [Chinneadh Réime 2002/584] [...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na hÉireann

8 Rinneadh Airteagal 4a de Chinneadh Réime 2002/584 a thrasuí i ndlí na hÉireann le hAlt 45 den Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003. (Sa leagan den Acht sin is infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí ('an tAcht maidir le BGE'), foráiltear le hAlt 45:

'Ní dhéanfar duine a thabhairt suas faoin Acht seo mura rud é gur tháinig sé nó sí i láthair go pearsanta sna himeachtaí a bhfuil an ciontú nó an ordú coinneála mar thoradh air, ar eisíodh an barántas gabhála Eorpach chun é a fhorghníomhú, mura rud é [...] go léirítear leis an mbarántas na heilimintí a éilítear i bpointí (2), (3) agus (4) de pointe (d) d'fhoirm an bharántais atá i gceangal le [Cinneadh Réime 2002/584] [...] dá dtagraítear sa tábla a leagtar amach san Alt seo.'

9 Leagtar amach sa tábla in Alt 45 den Acht maidir le BGE, i gceithre phointe uimhrithe, na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 4a de Chinneadh Réime 2002/584 faoina bhféadfar duine a thriailtear *in absentia* a thabhairt suas. Shoiléirigh cúirteanna na hÉireann gur beart cur chun feidhme de dhlí an Aontais é Alt 45 den Acht maidir le BGE nach mór a léiriú ar bhealach atá comhsheasmhach leis an gCinneadh Réime sin. Ar an gcúis sin, cé go dtagraítear in Alt 45 den Acht maidir le BGE do '[na] himeachtaí a bhfuil an ciontú nó an t-ordú coinneála mar thoradh air', tá an nath sin, faoi dhlí na hÉireann, comhshamhlaithe leis an nath 'an triail a bhfuil an cinneadh mar thoradh uirthi', mar a úsáidtear sa Chinneadh Réime.

Dlí na Laitvia

10 Foráladh le hAirteagal 45 den Kriminālliku̇ms (Cód Coiriúil), sa leagan is infheidhme sa chás sna príomhimeachtaí ('Cód Coiriúil na Laitvia'), dar teideal 'Cur faoi mhaoirseacht na bpóilíní':

'(1) Is pianbhreith chomhlántach é cur faoi mhaoirseacht na bpóilíní, a fhéadfaidh cúirt a fhorchur mar bheart éigeantach, d'fhonn maoirseacht a dhéanamh ar iompar duine a scaoiltear ó áit caillte saoirse agus ionas go bhféadfar an duine sin a chur faoi réir na srianta arna bhforordú ag an institiúid póilíneachta. I gcásanna ina ndeonaítear luathscaoileadh coinníollach do dhuine, tosóidh forghníomhú na pianbhreithe breise – cur faoi réir mhaoirseacht na bpóilíní – ón uair a bheidh deireadh curtha le maoirseacht an duine tar éis an luathscaoilte choinníollaigh.

(2) Ní fhorchuirfear phianbhreith cur faoi maoirseacht na bpóilíní ach amháin i gcás ina bhforchuirtear pianbhreith choimeádta, sna cásanna dá bhforáiltear sa chuid speisialta den Chód seo, ar feadh íostréimhse bliana agus nach faide ná 3 bliana.

(3) Féadfaidh cúirt fad chur faoi mhaoirseacht na bpóilíní a laghdú nó a chúlghairm ar iarraidh ó choimisiún riaracháin an phríosúin nó na hinstitiúide póilíneachta.

(4) Má rinne duine faoi phianbhreith, le linn dó nó di pianbhreith chomhlántach a chur isteach, cion coiriúil eile, cuirfidh an chúirt cailleadh saoirse in ionad thréimhse na pianbhreithe comhlántaí nár cuireadh isteach agus cinnfidh sí an phianbhreith chríochnaitheach i gcomhréir le hAirteagail 51 agus 52 den Chód seo.

(5) Má sháraíonn duine atá curtha faoi mhaoirseacht na bpóilíní a cinneadh le breithiúnas cúirte coinníollacha an bhirt maoirseachta sin trí ghníomhú de mheon mímhacánta, féadfaidh cúirt, arna iarraidh sin ag an institiúid póilíneachta, cailleadh saoirse a chur in ionad thréimhse na pianbhreithe breise nár cuireadh isteach, agus measfar 2 lá de mhaoirseacht na bpóilíní mar lá amháin de chailleadh saoirse.

(6) Déantar sárú ar choinníollacha cur faoi réir mhaoirseacht na bpóilíní de mheon mímhacánta má bhí an duine ina ábhar do dhá chiontú riaracháin i gcion den sórt sin thar thréimhse bliana.'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

11 In 2014, ciontaíodh SH in dhá chion choiriúla, ceann amháin ag Valmieras rajona tiesa (Cúirt Dúiche Valmiera, an Laitvia) agus an ceann eile ag Jēkabpils rajona tiesa (Cúirt Dúiche, Jēkabpils, an Laitvia). Rinneadh na ciontuithe sin a thiomsú, an 27 Deireadh Fómhair 2015, i bpianbhreith choimeádta 4 bliana agus 9 mí san iomlán, mar aon le pianbhreith chomhlántach 3 bliana de chur faoi mhaoirseacht na bpóilíní, ag tosú, i gcomhréir le dlí coiriúil na Laitvia, ón uair a raibh an phianbhreith choimeádta curtha isteach ag SH.

12 Níor chomhlíon SH an oibleagáid, a cheanglaítear i ndáil lena chur faoi mhaoirseacht na bpóilíní, dul chuig stáisiún na bpóilíní laistigh de 3 lá oibre tar éis é a scaoileadh, cé gur cuireadh in iúl dó roimh ré go raibh an baol ann go bhforchuirfí pionós riaracháin air ina éagmais sin. Dá bhrí sin, fuair Zemgales rajona tiesa (Cúirt Dúiche Zemgale, an Laitvia) SH ciontach i gcion riaracháin an 11 agus an 27 Bealtaine 2020 agus d'ordaigh sé, ar an mbonn sin, dhá fhíneáil a íoc.

13 I gcás ina dtugtar dhá chiontú, thar thréimhse bliana, mar gheall ar shárú na gcoinníollacha maidir le cur faoi mhaoirseacht na bpóilíní, foráiltear le dlí coiriúil na Laitvia don fhéidearthacht, don chúirt náisiúnta inniúil, an phianbhreith chomhlántach de chur faoi mhaoirseacht na bpóilíní a thiontú ina pianbhreith choimeádta ar feadh tréimhse shocraithe ar bhonn cóimheas socraithe, eadhon lá amháin príosúnachta in aghaidh gach dhá lá de mhaoirseacht na bpóilíní atá fós le cur isteach.

14 I mí an Mheithimh 2020, chuir seirbhís stáisiúin póilíneachta inniúil na Laitvia iarratas faoi bhráid Zemgales rajona tiesa (Cúirt Dúiche, Zemgale) chun an tréimhse a bhí fágtha de phianbhreith chomhlántach SH de chur faoi mhaoirseacht na bpóilíní a thiontú ina pianbhreith choimeádta.

15 An 25 Meitheamh 2020, seoladh toghairm ar theacht i láthair chuig SH, tríd an bpost cláraithe chuig a áit chónaithe oifigiúil sa Laitvia, ach níorbh fhéidir í a sheirbheáil. Seoladh an toghairm sin ar ais an 31 Iúil 2020.

16 An 19 Lúnasa 2020, tionóladh éisteacht os comhair Zemgales rajona tiesa (Cúirt Dúiche, Zemgale), gan SH a bheith i láthair. Thug an chúirt sin, an lá céanna, cinneadh ('an cinneadh atá i gceist') lena n-ordaítear go ndéanfaí an tréimhse a bhí fágtha de phianbhreith chomhlántach SH de chur faoi mhaoirseacht na bpóilíní, eadhon 2 bhliain agus 2 lá, a thiontú ina pianbhreith choimeádta 1 bhliain agus 1 lá. Maidir leis an gcinneadh sin, a seoladh chuig SH ach a seoladh ar ais toisc nár glacadh é, ní dhearna SH agóid ina choinne ar achomharc.

17 An 26 Feabhra 2021, d'eisigh Zemgales rajona tiesa (Cúirt Dúiche, Zemgale) barántas gabhála Eorpach ('an barántas gabhála Eorpach atá i gceist') i leith SH chun an phianbhreith choimeádta a forchuireadh air an 19 Lúnasa 2020 a fhorghníomhú.

18 Le breithiúnas an 27 Iúil 2022, dhiúltaigh an Ard-Chúirt (Éire) glacadh leis an iarratas ón Aire Dlí agus Cirt (Éire) chun SH a thabhairt suas do Phoblacht na Laitvia faoin mbarántas gabhála Eorpach atá i gceist, ar bhonn na forála lena dtrasuitear Airteagal 4a(1) de Chinneadh Réime 2002/584 i ndlí na hÉireann.

19 Ós rud é gur dhíbh an Chúirt Achomhairc (Éire) an t-achomharc a thionscain an tAire Dlí agus Cirt i gcoinne an bhreithiúnais sin, thug an tAire achomharc eisceachtúil os comhair na cúirte a rinne an tarchur, an Chúirt Uachtarach (Éire).

20 Meabhraíonn an chúirt a rinne an tarchur go leanann sé ó Airteagal 1(2) de Chinneadh Réime 2002/584 gurb é forghníomhú an bharántais gabhála Eorpaigh an riail, agus go bhfuil diúltú d'fhorghníomhú beartaithe mar eisceacht nach mór a léiriú go docht.

21 Measann an chúirt sin go bhfuil an cinneadh i gceist inchomparáide le cúlghairm forghníomhaithe pianbhreithe nach dtagann, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte, faoi raon feidhme Airteagal 4a(1) de Chinneadh Réime 2002/584. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais, i mbreithiúnas an 22 Nollaig 2017, *Ardic*, C-571/17 PPU, EU:C:2017:1026) nach gcumhdaítear leis an gcoincheap 'cinneadh', de réir bhrí na forála sin, cinneadh maidir le forghníomhú nó cur i bhfeidhm pianbhreithe coimeádta a forchuireadh roimhe sin, amhail fionraíocht an fhorghníomhaithe a chúlghairm, ach amháin i gcás ina raibh sé de chuspóir nó d'éifeacht an chinnidh sin cineál nó *quantum* na pianbhreithe sin a modhnú agus go bhfuil corrlach lánroghnach ag an údarás a d'eisigh í ina leith sin.

22 Tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, sa chás seo, gur thosaigh an tréimhse cur faoi mhaoirseacht na bpóilíní ón tráth a bhí an phianbhreith choimeádta curtha isteach ag SH. Ní dhearnadh aon chinneadh breithiúnach nua lena modhnaítear cineál agus *quantum* na pianbhreithe coimeádta a forchuireadh roimhe sin, ós rud é, i gcás sárú na gcoinníollacha maidir le cur faoi mhaoirseacht na bpóilíní, go gcinnfí fad an chaillte saoirse a d'fhéadfaí a fhorchur le ríomh uimhríochtúil dá bhforáiltear le dlí na Laitvia. Dá bhrí sin, ní bheadh ar Zemgales rajona tiesa (Cúirt Dúiche Zemgale) ach a chinneadh ar cheart nó nár cheart pianbhreith choimeádta bhreise a fhorchur, ós rud é go gcinntear a fhad *ex lege*. Is ar an gcúis sin a chinn an chúirt a rinne an tarchur, ar bhonn sealadach, nár cheart tabhairt suas SH a dhiúltú, ós rud é nach pianbhreith nua a bhí sa phianbhreith a forchuireadh air an 19 Lúnasa 2020, dar léi, agus nár modhnaíodh cineál ná *quantum* na pianbhreithe coimeádta a forchuireadh roimhe sin.

23 Mar sin féin, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur, cé go raibh an t-ionchas go mbeadh téarma nua príosúnachta ina dhlúthchuid de na pianbhreitheanna roimhe sin a forchuireadh ar SH agus a tiomsaíodh an 27 Deireadh Fómhair 2015, an amhlaidh nár ceanglaíodh leis an bpianbhreith a forchuireadh an 19 Lúnasa 2020 ar SH ach na pianbhreitheanna coimeádta a leagadh síos ar dtús a chur isteach, go páirteach nó ina n-iomláine.

24 Sna himthosca sin, chinn an Chúirt Uachtarach bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'(1) I gcás ina n-iarrtar tabhairt suas an duine iarrtha chun pianbhreith choimeádta a fhorchuirtear ar an duine sin a chur isteach mar thoradh ar théarmaí pianbhreithe [comhlántaí] lena gcuirtear na póilíní i mbun maoirseachta air a forchuireadh air roimhe sin a shárú, in imthosca ina raibh sé de rogha ag an gcúirt a d'fhorchuir an phianbhreith choimeádta sin pianbhreith choimeádta a fhorchur (cé nach bhfuil aon rogha aici maidir le fad na pianbhreithe má fhorchuirtear í), an bhfuil na himeachtaí as a dtagann forchur na pianbhreithe coimeádta sin ina gcuid den "triail a raibh an cinneadh mar thoradh uirthi" chun críocha Airteagal 4a(l) de Chinneadh Réime [2002/584]?

(2) An raibh an cinneadh pianbhreith [chomhlántach] lena gcuirtear na póilíní i mbun maoirseachta ar an duine a thiontú ina pianbhreith choimeádta sna himthosca a leagtar amach [sa chéad cheist], ina chinneadh a raibh sé de chuspóir nó d'éifeacht aige cineál agus/nó *quantum* na pianbhreithe a forchuireadh roimhe sin ar an duine iarrtha a mhodhnú agus, go háirithe, cineál agus/nó *quantum* na pianbhreithe [comhlántaí] lena gcuirtear na póilíní i mbun maoirseachta ar an duine a bhí mar chuid dá phianbhreith roimhe sin, ar chaoi go mbaineann sé leis an eisceacht dá dtagraítear i mír 77 [de bhreithiúnas an 22 Nollaig 2017, *Ardic* (C-571/17 PPU, EU:C:2017:1026), ar dá réir, de réir bhrí Airteagal 4a(1)]?'

Na himeachtaí os comhair na Cúirte

25 Ós rud é gur chuir dlíodóir SH in iúl do Chlárlann na Cúirte go raibh a chliant i bpríosún faoi láthair sa Laitvia, sheol an Chúirt, le cinneadh ó Uachtarán na Cúirte an 26 Aibreán 2024, iarraidh ar fhaisnéis chuig an gcúirt a rinne an tarchur, ag iarraidh a fháil amach an raibh freagra ar a hiarraidh ar réamhrialú fós úsáideach chun an díospóid sna príomhimeachtaí a réiteach.

26 Le freagra an 10 Bealtaine 2024, dheimhnigh an chúirt a rinne an tarchur go raibh SH i bpríosún, an tráth sin, sa Laitvia agus gur tugadh suas é d'údaráis na Laitvia de bhun forghníomhú barántais gabhála Eorpaigh dar dáta an 17 Feabhra 2021, ach shonraigh sí, a mhéid nár tugadh SH suas de bhun fhorghníomhú an bharántais gabhála Eorpaigh atá i gceist agus nach bhféadfaí a chur as an áireamh, dá bhrí sin, go gcuirfeadh údaráis na Laitvia an sásra toilithe dá bhforáiltear in Airteagal 27 de Chinneadh Réime 2002/584 i bhfeidhm chun forghníomhú na pianbhreithe coimeádta a forchuireadh ar SH leis an gcinneadh atá i gceist a fháil, go raibh freagra ar an iarraidh ar réamhrialú fós úsáideach chun an díospóid sna príomhimeachtaí a réiteach.

Breithniú ar na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

27 Lena dá cheist, ar cheart iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 4a(1) de Chinneadh Réime 2002/584 le léiriú sa chaoi go gcumhdaítear leis an gcoincheap 'triail a bhfuil an cinneadh mar thoradh uirthi', de réir bhrí na forála sin, imeachtaí ar féidir le cúirt náisiúnta, ag a ndeireadh a ordú, mar gheall ar shárú na gcoinníollacha a bhí ag gabháil le pianbhreith de chur faoi mhaoirseacht na bpóilíní a forchuireadh ar an duine lena mbaineann roimhe sin mar chomhlánú ar phianbhreith choimeádta, go ndéanfar tréimhse na pianbhreithe breise sin nár cuireadh isteach a thiontú ina pianbhreith choimeádta, agus 2 lá de mhaoirseacht na bpóilíní á meas mar lá amháin de chailleadh saoirse.

28 Mar réamhphointe, ba cheart a mheabhrú gurb é is cuspóir do Chinneadh Réime 2002/584, trí chóras simplithe agus éifeachtach a bhunú chun daoine ciontaithe nó daoine atá faoi amhras gur sháraigh siad an dlí coiriúil a thabhairt suas, comhar breithiúnach a éascú agus a luathú d'fhonn cur le gnóthú an chuspóra a shanntar don Aontas a bheith ina limistéar saoirse, slándála agus ceartais ar bhonn an ardleibhéil muiníne nach mór a bheith ann idir na Ballstáit, i gcomhréir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh (breithiúnas an 27 Bealtaine 2019, *PF (Príomh-Ionchúisitheoir na Liotuáine)*, C-509/18, EU:C:2019:457, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

29 Chuige sin, leagtar síos leis an gCinneadh Réime sin, in Airteagal 1(2) de, an riail go gceanglaítear ar na Ballstáit aon bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar bhonn phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh agus i gcomhréir le forálacha an Chinnidh Réime sin. Ach amháin in imthosca eisceachtúla, ní fhéadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha fhorghníomhaitheacha, dá bhrí sin, forghníomhú barántais den sórt sin a dhiúltú ach amháin sna cásanna neamhfhorghníomhaithe a liostaítear go cuimsitheach dá bhforáiltear sa Chinneadh Réime sin agus ní fhéadfar forghníomhú an bharántais gabhála Eorpaigh a dhiúltú ach amháin i gcás neamh-chomhlíonadh ceann de na coinníollacha a liostaítear ann. Dá réir sin, is é forghníomhú an bharántais gabhála Eorpaigh an riail, agus meastar go bhfuil diúltú d'fhorghníomhú beartaithe mar eisceacht nach mór a léiriú go docht (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *Generalstaatsanwaltschaft Berlin (Ciontú in absentia)*, C-396/22, EU:C:2023:1029, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30 Go háirithe, is eisceacht é Airteagal 4a(1) de Chinneadh Réime 2002/584 ón riail lena gceanglaítear ar an údarás breithiúnach forghníomhaitheach an duine iarrtha a thabhairt suas don Bhallstát eisiúna agus, dá bhrí sin, ní mór é a léiriú go sriantach (féach, chuige sin, breithiúnas an 23 Márta 2023, *Minister for Justice and Equality (Deireadh a chur leis an bhfionraíocht)*, C-514/21 agus C-515/21, EU:C:2023:235, mír 55).

31 Is léir ó fhoclaíocht Airteagal 4a(1) de Chinneadh Réime 2002/584 go bhfuil sé de chumhacht ag an údarás breithiúnach forghníomhaitheach an barántas gabhála Eorpach arna eisiúint chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú, a dhiúltú mura raibh an duine lena mbaineann i láthair go pearsanta ag an triail a raibh an cinneadh mar thoradh uirthi, mura léirítear leis an mbarántas gabhála Eorpach go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach, faoi seach, i bpointí (a) go (d) den fhoráil sin (breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *Generalstaatsanwaltschaft Hamburg*, C-416/20 PPU, EU:C:2020:1042, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear). Dá bhrí sin, cuireann Airteagal 4a teorainn leis an bhféidearthacht fhorghníomhú an bharántais gabhála Eorpaigh a dhiúltú trí na coinníollacha a leagan amach, ar bhealach beacht agus aonfhoirmeach, faoina bhféadfar aithint agus forghníomhú cinntí a tugadh ag deireadh trialach nach raibh an duine lena mbaineann i láthair go pearsanta inti a dhiúltú (breithiúnas an 23 Márta 2023, *Minister for Justice and Equality (Deireadh a chur leis an bhfionraíocht)*, C-514/21 agus C-515/21, EU:C:2023:235, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear).

32 I ngach ceann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 4a(1)(a) go (d) de Chinneadh Réime 2002/584, tá forghníomhú an bharántais gabhála Eorpaigh gan dochar don cheart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil ná do chearta cosanta an duine lena mbaineann, mar a chumhdaítear in Airteagail 47 agus 48 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (féach, go háirithe, breithiúnas an 23 Márta 2023, *Minister for Justice and Equality (Deireadh a chur leis an bhfionraíocht)*, C-514/21 agus C-515/21, EU:C:2023:235, mír 73 agus an cásdlí dá dtagraítear).

33 Dá bhrí sin, tá sé beartaithe le hAirteagal 4a de Chinneadh Réime 2002/584 ardleibhéal cosanta a áirithiú agus a chur ar chumas an údaráis fhorghníomhaithigh an duine lena mbaineann a thabhairt suas in ainneoin é a bheith as láthair ón triail a raibh a chiontú mar thoradh uirthi, agus a chearta cosanta á n-urramú go hiomlán aige (breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *Generalstaatsanwaltschaft Hamburg*, C-416/20 PPU, EU:C:2020:1042, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear). Go sonrach, is léir go sainráite ó Airteagal 1 de Chinneadh Réime 2009/299, arna léamh i bhfianaise aithrisí 1 agus 15 de, gur cuireadh Airteagal 4a isteach i gCinneadh Réime 2002/584 d'fhonn cosaint a thabhairt do cheart an chúisí teacht i láthair go pearsanta ag an triail choiriúil a tionscnaíodh ina choinne agus aitheantas frithpháirteach do chinntí breithiúnacha idir

na Ballstáit á fheabhsú ag an am céanna (breithiúnas an 23 Márta 2023, *Minister for Justice and Equality (Deireadh a chur leis an bhfionraíocht)*, C-514/21 agus C-515/21, EU:C:2023:235, mír 50 agus an cásdlí dá dtagraítear).

34 Mar sin féin, sula bhfíoraítear an ann do cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 4a(1)(a) go (d) de Chinneadh Réime 2002/584, ní mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach a chinneadh an raibh air aghaidh a thabhairt ar chás nach raibh an duine iarrtha i láthair go pearsanta ag an 'triail a raibh an cinneadh mar thoradh uirthi', de réir bhrí Airteagal 4a(1) de Chinneadh Réime 2002/584.

35 De réir cásdlí socair, ní mór an nath 'triail a raibh an cinneadh mar thoradh uirthi' a leagtar amach in Airteagal 4a(1) de Chinneadh Réime 2002/584 a thuiscint mar choincheap uathrialach de dhlí an Aontais agus a léiriú go haonfhoirmeach ar fud chríoch an Aontais, beag beann ar na catagóirí atá leagtha síos sna Ballstáit. Ní mór a thuiscint ón nath sin go n-ainmnítear na himeachtaí inar tugadh an cinneadh breithiúnach lenar forchuireadh pianbhreith deiridh ar an duine a n-iarrtar a thabhairt suas i gcomhthéacs barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *Generalstaatsanwaltschaft Berlin (Ciontú in absentia)*, C-396/22, EU:C:2023:1029, míreanna 26 agus 27 agus an cásdlí dá dtagraítear).

36 Chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach ionann cinneadh maidir le forghníomhú nó cur i bhfeidhm pianbhreithe coimeádta a forchuireadh roimhe sin agus 'cinneadh' de réir bhrí Airteagal 4a(1) de Chinneadh Réime 2002/584, ach amháin i gcás ina ndéanann sé difear do dhearbhú ciontachta nó ina bhfuil sé de chuspóir nó d'éifeacht aige cineál nó *quantum* na pianbhreithe sin a modhnú agus go bhfuil corrlach lánroghnach ag an údarás a d'eisigh í ina leith sin (breithiúnais an 22 Nollaig 2017, *Ardic*, C-571/17 PPU, EU:C:2017:1026, míreanna 77 agus 88, agus an 23 Márta 2023, *Minister for Justice and Equality (Deireadh a chur leis an bhfionraíocht)*, C-514/21 agus C-515/21, EU:C:2023:235, mír 53).

37 Dá réir sin, chinn an Chúirt nach ionann cinneadh lena gcúlghairtear an fhionraíocht ar fhorghníomhú pianbhreithe coimeádta de bharr nár chomhlíon an duine lena mbaineann coinníoll oibiachtúil a ghabhann leis an bhfionraí sin, amhail cion nua a dhéanamh le linn na tréimhse promhaidh, agus 'cinneadh' de réir bhrí Airteagal 4a(1), ós rud é go bhfágann sé an phianbhreith sin gan athrú maidir lena cineál agus lena *quantum* araon. Ina theannta sin, shonraigh an Chúirt, ós rud é nach n-iarrtar ar an údarás atá freagrach as cinneadh a dhéanamh maidir le cúlghairm den sórt sin athscrúdú a dhéanamh ar shubstaint an cháis as ar eascair an ciontú coiriúil, nach bhfuil sé ábhartha go bhfuil lánrogha ag an údarás sin, fad nach gceadaítear leis an rogha sin dó *quantum* ná cineál na pianbhreithe coimeádta a mhodhnú, mar a shocraítear leis an gcinneadh lena gciontaítear go cinntitheach an duine iarrtha (féach, chuige sin, breithiúnas an 23 Márta 2023, *Minister for Justice and Equality (Deireadh a chur leis an bhfionraíocht)*, C-514/21 agus C-515/21, EU:C:2023:235, míreanna 53 agus 54 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil léiriú den sórt sin ar Airteagal 4a(1) de Chinneadh Réime 2002/584 i gcomhréir, thairis sin, le cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (féach, go háirithe, ECtHR, an 21 Deireadh Fómhair 2013, *Del Río Prada* v *an Spáinn*, CE:ECHR:2013:1021JUD004275009, § 89; ECtHR, an 10 Samhain 2022, *Kupinskyy* v *an Úcráin*, § 47 go 52), ar dá réir, ar an gcéad dul síos, nach dtagann nósanna imeachta a bhaineann le modhanna forghníomhaithe pianbhreitheanna faoi raon feidhme Airteagal 6 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, arna shíniú sa Róimh an 4 Samhain 1950, agus, ar an dara dul síos, nach féidir bearta arna nglacadh ag cúirt tar éis pianbhreith chríochnaitheach a fhorchur nó le linn a forghníomhaithe a mheas mar

‘phianbhreitheanna’ de réir bhrí an Choinbhinsiúin sin, más rud é go bhféadfadh athshainiú nó athrú ar raon feidhme na pianbhreithe a forchuireadh ar dtús a bheith mar thoradh orthu (féach, chuige sin, breithiúnas an 23 Márta 2023, *Minister for Justice and Equality (Deireadh a chur leis an bhfionraíocht)*, C-514/21 agus C-515/21, EU:C:2023:235, mír 58).

39 Chun rialú a dhéanamh i dtaobh an mbaineann beart arna dhéanamh le linn pianbhreith a fhorghníomhú leis an modh ina bhforghníomhaítear í, agus leis an modh sin amháin, nó, ar a mhalairt, an ndéantar difear dá raon feidhme, is gá scrúdú a dhéanamh ar bhonn cás ar chás ar an méid a bhí i gceist leis an ‘pianbhreith’ a forchuireadh go hiarbhír sa dlí náisiúnta ag an am ábhartha nó, i bhfocail eile, cad é a nádúr bunúsach (féach, chuige sin, ECtHR, an 21 Deireadh Fómhair 2013, *Del Río Prada* v *an Spáinn*, CE:ECHR:2013:1021JUD004275009, §§ 85 agus 90).

40 Sa chás seo, dealraíonn sé gurbh é an bunús a bhí leis an mbarántas gabhála Eorpach atá i gceist a eisiúint ná an cinneadh atá i gceist, lena n-athraítear an phianbhreith chomhlántach de chur faoi mhaoirseacht na bpóilíní ina pianbhreith choimeádta. Tosaíonn an chúirt a rinne an tarchur, i ndáil leis sin, ar an mbonn go bhféadfadh an cinneadh atá i gceist a bheith cosúil le cinneadh maidir le forghníomhú nó cur i bhfeidhm pianbhreithe coimeádta a forchuireadh roimhe sin, amhail fionraíocht d’forghníomhú pianbhreithe a chúlghairm. D’fhéadfadh sé nach dtiocfadh cinneadh den sórt sin faoi raon feidhme Airteagal 4a(1) de Chinneadh Réime 2002/584, ós rud é nach bhfuil sé de chuspóir ná d’éifeacht aige cineál agus/nó *quantum* na pianbhreithe a forchuireadh roimhe sin ar an duine iarrtha a modhnú agus nach raibh aon chorrlach lánroghnach ag an údarás a d’eisigh í ina leith sin.

41 Dá bhrí sin, is gá a dheimhniú an féidir an cinneadh atá i gceist a aicmiú mar ‘chinneadh maidir le forghníomhú nó cur i bhfeidhm pianbhreithe coimeádta a forchuireadh roimhe sin’, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i míreanna 36 agus 37 den bhreithiúnas seo, agus sa chás sin ní hionann é agus ‘cinneadh’ de réir bhrí Airteagal 4a(1) de Chinneadh Réime 2002/584.

42 I ndáil leis sin, is léir ón bhfaisnéis san ordú tarchuir agus ón gcomhad a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, faoi Airteagal 45(1) de Chód Coiriúil na Laitvia, gur pianbhreith chomhlántach é cur faoi mhaoirseacht na bpóilíní, a fhéadfaidh an chúirt a fhorchur ar dhuine ar forchuireadh pianbhreith choimeádta air d’fhonn é nó í a choimeád faoi mhaoirseacht tar éis a scaoileadh, a gceanglaítear air ina dhiaidh sin na coinníollacha arna bhforordú ag an institiúid póilíneachta a chomhlíonadh. I gcomhréir le hAirteagal 45(2) den Chód sin, ní fhéadfar an phianbhreith chomhlántach sin a fhorchur ach amháin i leith duine ar forchuireadh pianbhreith choimeádta bliana ar a laghad air agus nach faide ná 3 bliana. Faoi Airteagal 45(3) den Chód sin, féadfar fad chur faoi maoirseacht na bpóilíní a laghdú nó féadfar é a chúlghairm, arna iarraidh sin ag coimisiún riaracháin an phríosúin nó na hinstitiúide póilíneachta. Foráiltear le hAirteagal 45(4) más rud é go ndearna an duine faoi phianbhreith, agus an phianbhreith bhreise sin á cur isteach aige, cion coiriúil, go gcuirfidh an chúirt cailleadh saoirse in ionad fhad na pianbhreithe breise nár cuireadh isteach agus go gcinnfidh sí an phianbhreith chríochnaitheach i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos i gCód Coiriúil na Laitvia.

43 De bhun Airteagal 45(5) agus (6) den Chód sin, go bunúsach, má sháraigh duine a bhfuil a phianbhreith bhreise de mhaoirseacht na bpóilíní á cur isteach aige, coinníollacha na maoirseachta sin ‘de mheon mímhacánta’, is é sin le rá, tar éis dó a bheith faoi réir dhá chiontú riaracháin ar an mbonn sin thar thréimhse bliana — féadfaidh an chúirt, sa bhreis ar fhíneáil riaracháin, an tréimhse atá fágtha den phianbhreith a chur faoi mhaoirseacht na bpóilíní a

thiontú, arna iarraidh sin don institiúid póilíneachta, arb ionann í agus leath de líon na laethanta atá fós le cur isteach faoi mhaoirseacht na bpóilíní. Is léir ón ordú tarchuir gur cuireadh na forálacha sin i bhfeidhm sna príomhimeachtaí.

44 Dá bhrí sin, is cosúil go ndealraíonn sé, áfach, gur faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé idirdhealú a dhéanamh idir cinneadh lena bhforchuirtear pianbhreith choimeádta agus cinneadh chun é a chur faoi mhaoirseacht na bpóilíní, agus is pionós sa bhreis ar phianbhreith choimeádta é an cinneadh deireanach sin i gcónaí. Dá bhrí sin, sa chás seo, forchuireadh pianbhreith choimeádta ar SH roimhe seo, mar aon le pianbhreith bhreise de chur faoi mhaoirseacht na bpóilíní, agus mar thoradh air sin cuireadh faoi mhaoirseacht na bpóilíní é tar éis dó an phianbhreith choimeádta a forchuireadh air a chur isteach. Dá bhrí sin, ní bhaineann an cinneadh atá i gceist, lena bhforchuirtear pianbhreith choimeádta ar SH, arna ríomh trí 2 lá de mhaoirseacht na bpóilíní nár cuireadh isteach a mheas mar 1 lá de chailleadh saoirse, le forghníomhú nó cur i bhfeidhm pianbhreithe coimeádta a forchuireadh roimhe sin, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i míreanna 35 agus 36 den bhreithiúnas seo, ach, dá réir sin, is cinneadh nua é lena bhforchuirtear pianbhreith choimeádta nár gearradh pianbhreith choimeádta air roimhe sin.

45 Dá bhrí sin, tá an staid atá i gceist sna príomhimeachtaí éagsúil le cúlghairm ar fhionraíocht forghníomhaithe pianbhreithe coimeádta, ós rud é, sa chás deireanach sin, go gcuirtear an phianbhreith choimeádta ar fionraí láithreach, agus mar thoradh air sin nach gcumasaítear lena cúlghairm ach an phianbhreith choimeádta a forchuireadh roimhe sin a fhorghníomhú.

46 Tacaítear leis an gcinneadh sin ós rud é, i gcomhréir le forálacha ábhartha dhlí na Laitvia dá dtagraítear i míreanna 42 agus 43 den bhreithiúnas seo, nach ndealraíonn sé go bhforáiltear leis an dlí sin do shásra chun pianbhreith de chur faoi mhaoirseacht na bpóilíní a thiontú go huathoibríoch ina pianbhreith choimeádta i gcás ina sáraíonn an duine lena mbaineann coinníollacha na maoirseachta sin. Tá sé de rogha ag an gcúirt cinneadh a dhéanamh, arna iarraidh sin ag an institiúid póilíneachta, an phianbhreith chomhlántach de chur faoi mhaoirseacht na bpóilíní nár forghníomhaíodh go fóill a thiontú ina pianbhreith choimeádta, ós rud é, dá bhrí sin, nach bhfuil an tiontú sin uathoibríoch.

47 Ina theannta sin, mar a chuir an tAbhcóide Ginearálta in iúl i mír 65 dá Thuairim, is é is cuspóir d'aon phianbhreith choimeádta a fhorchuirtear tar éis shárú choinníollacha na pianbhreithe comhlántaí pionós a fhorchur, ní i ndáil leis an gcion coiriúil tosaigh as ar eascair forchur, mar phianbhreith chomhlántach, na pianbhreithe cur faoi mhaoirseacht na bpóilíní, ach sáruithe sonracha ar na coinníollacha a ghabhann leis an bpianbhreith sin. Dá bhrí sin, ní mór don chúirt sin cinneadh a dhéanamh, tar éis staid an duine sin a scrúdú, an dtugann na sáruithe sin údar leis an mbeart cur faoi mhaoirseacht na bpóilíní a thiontú ina phianbhreith choimeádta.

48 Dá bhrí sin, ní hionann cinneadh lena bhforchuirtear pianbhreith choimeádta in ionad pianbhreith chomhlántach de chur faoi mhaoirseacht na bpóilíní agus cinneadh a bhaineann le pianbhreith choimeádta a forchuireadh roimhe sin a fhorghníomhú nó a chur i bhfeidhm, ach ní mór é a mheas mar chinneadh lena bhforchuirtear pianbhreith choimeádta nua, a bhfuil a chineál éagsúil leis an gcinneadh a socraíodh ar dtús.

49 Ní mór cinneadh den sórt sin a aicmiú mar 'chinneadh', de réir bhrí Airteagal 4a(1) de Chinneadh Réime 2002/584, agus ní mór a mheas, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte dá dtagraítear i mír 35 den bhreithiúnas seo, go dtagann an nós imeachta lenar glacadh é faoin gcoincheap 'triail a bhfuil an cinneadh mar thoradh uirthi', de réir bhrí na forála sin.

50 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i míreanna 82 agus 83 dá Thuairim, is é an rud atá tábhachtach chun go mbeidh ‘triail a bhfuil an cinneadh mar thoradh uirthi’ i gceist, de réir bhrí Airteagal 4a(1) de Chinneadh Réime 2002/584, ná go bhféadfadh cailleadh saoirse a bheith mar thoradh ar imeachtaí a bhaineann le pianbhreith a thiontú, ar imeachtaí iad a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le cailleadh saoirse, cé go bhfuil sé intuartha i gcás shárú na gcoinníollacha lenar ghabh an phianbhreith de mhaoirseacht na bpóilíní, nár chuid den chiontú tosaigh é agus, dá bhrí sin, gur ghá pianbhreith nua a chur in ionad na pianbhreithe sin.

51 Ba cheart a lua freisin, mar a chuir an tAbhcóide Ginearálta in iúl i mír 81 dá Thuairim, nach mór don duine lena mbaineann, ag céim na n-imeachtaí maidir leis an bhféidearthacht pianbhreith bhreise de chur faoi mhaoirseacht na bpóilíní a thiontú ina pianbhreith choimeádta, a bheith in ann a chearta cosanta a fheidhmiú go hiomlán chun a dhearcadh nó a dearcadh a dhearbhú go héifeachtach agus, ar an gcaoi sin, tionchar a imirt ar an gcinneadh críochnaitheach a bhféadfadh cailleadh a shaoirse phearsanta a bheith mar thoradh air. Ní mór don duine sin, go háirithe, a bheith in ann na hábhair fíorais agus dlí a chur ar aghaidh a d’fhéadfadh a thabhairt ar an gcúirt a bhfuil dlínse aici cinneadh a dhéanamh gan tiontú pianbhreithe den sórt sin a dhéanamh.

52 Is faoin gcúirt a rinne an tarchur a bheidh sé fós a fhíorú an bhfreagraíonn an staid atá i gceist sna príomhimeachtaí do cheann de na himthosca dá dtagraítear in Airteagal 4a(1)(a) go (d) de Chinneadh Réime 2002/584. Más amhlaidh atá, bheadh sé d’oibleagáid ar údarás breithiúnach forghníomhaitheach na hÉireann glacadh le tabhairt suas SH d’údaráis na Laitvia.

53 Mar sin féin, ós rud é gur tugadh SH suas d’údaráis na Laitvia cheana féin de bhun barántas gabhála Eorpach seachas an barántas gabhála Eorpach atá i gceist, beidh sé riachtanach, mar a thug an chúirt a rinne an tarchur féin faoi deara ina freagra ar an iarraidh ar fhaisnéis a sheol an Chúirt Bhreithiúnais chuici, dul ar iontaoibh an tsásra toilithe dá bhforáiltear in Airteagal 27 de Chinneadh Réime 2002/584 chun an phianbhreith choimeádta a forchuireadh ar SH leis an gcinneadh atá i gceist a fhorghníomhú.

54 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar na ceisteanna a chuirtear ná nach mór Airteagal 4a(1) de Chinneadh Réime 2002/584 a léiriú sa chaoi go gcumhdaítear leis an gcoincheap ‘triail a bhfuil an cinneadh mar thoradh uirthi’, de réir bhrí na forála sin, imeachtaí ar féidir le cúirt náisiúnta, ag a ndeireadh a ordú, mar gheall ar shárú na gcoinníollacha a ghabhann le pianbhreith de chur faoi mhaoirseacht na bpóilíní a forchuireadh ar an duine lena mbaineann roimhe sin mar chomhlánú ar phianbhreith choimeádta, go ndéanfar tréimhse na pianbhreithe breise sin nár cuireadh isteach a thiontú ina pianbhreith choimeádta, agus 2 lá de mhaoirseacht na bpóilíní á meas mar 1 lá de chailleadh saoirse.

Costais

55 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Chéad Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 4a(1) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta

um thabhairt suas idir Ballstáit arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cumhdaítear leis an gcoincheap ‘triail a bhfuil an cinneadh mar thoradh uirthi’, de réir bhrí na forála sin, imeachtaí ar féidir le cúirt náisiúnta, ag a ndeireadh a ordú, mar gheall ar shárú na gcoinníollacha a ghabhann le pianbhreith de chur faoi mhaoirseacht na bpóilíní a forchuireadh ar an duine lena mbaineann roimhe sin mar chomhlánú ar phianbhreith choimeádta, go ndéanfar tréimhse na pianbhreithe breise sin nár cuireadh isteach a thiontú ina pianbhreith choimeádta, agus 2 lá de mhaoirseacht na bpóilíní á meas mar 1 lá de chailleadh saoirse.

Sínithe